



# Comhairle Cathrach na Gaillimhe

## Scéim Deontais Ealaíon

## Treoirlínte 2022

### (1) RÉAMHRÁ

Tugann Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach cuireadh d'iarratais ar an Scéim Deontais Ealaíon 2022 a chuirfidh cistiú ar fáil d'eagraíochtaí ealaíon agus do ghrúpaí ealaíon dá dtionscadail agus cláir.

Chun go mbreithneofar thú le haghaidh cistiú, caithfidh an eagraíocht nó an grúpa na coinníollacha seo a leanas a shásamh: Caithfear oibriú go príomha mar eagraíocht ealaíon

Glacfar le heagraíochtaí deonacha  
nó gairmiúla Caithfear  
oibriú ar bhonn neamhbhrabúsach

Caithfear bheith bunaithe i gCathair na Gaillimhe nó caithfear oibriú go príomha laistigh den Chathair

I gcleachtas na healaíne cruthaithí comhaimseartha iad na cláir agus na tionscadail a mbronnfar cúnamh deontais orthu. I measc na bhfoirmeacha agus na dtionscadal ealaíne a dtacaítear leo, tá ceol, scannánaíocht, amharclannaíocht, damhsa, amharcealaíona, ilmheáin, comhealaíona, litríocht, ailtireacht, ealaín thraidisiúnta, féilte ealaíon agus ionaid ealaíon.

Tá an cistiú teoranta agus tá an próiseas iomaíoch agus, ar an ábhar sin, b'fhéidir nach n-éireoidh leis na hiaratasóirí go léir, nó b'fhéidir nach mbronnfar an méid a iarrtar.

Ní bhronnfar cúnamh deontais ach nuair a shásaíonn iarratais na critéir a leagann Comhairle Cathrach na Gaillimhe síos. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an ceart ar cosaint ag an gComhairle Cathrach luach an bhronnta is féidir leo a dhéanamh a mhéadú nó a laghdú, agus bronnadh a shiarchoinneáil faoina lánrogha.

### (2) EOLAS AN IARRATAIS

Caithfidh iarratasóirí gach mír ábhartha den fhoirm iarratais a líonadh. Caithfear ceisteanna a fhreagairt ina n-iomláine fiú mura luaitear ach nach bhfuil an cheist ábhartha.

- Caithfidh gach iarratasóir míreanna A, D agus E den fhoirm iarratais a líonadh.
- Caithfidh an earnáil Ealaíon Gairmiúil amháin mír B a líonadh.
- Caithfidh an earnáil Amaitéarach agus Dheonach amháin mír C a líonadh.

IS É AN SPRIODHÁTA CHUN IARRATAIS A FHÁIL Dé Céadaoin, an 20 Aibreán 2022 ag 4pm

### (3) TREOIR GHEARR GHINEARÁLTA AR AN BHFOIRM IARRATAIS A LÍONADH

- Léigh na ceisteanna go léir go hiomlán sula bhfreagraíonn tú iad.
- Cuimhnigh go mbeidh roinnt daoine páirteach sa chinneadh a dhéanamh, mar sin, cinntigh go bhfuil d'iarratas soiléir, gonta agus nach bhfuil sé débhríoch.
- Ná glac leis go bhfuil cur amach ag an bpainéal roghnaithe ar do shaothar – caith le gach iarratas faoi mar a raibh do chéad iarratas á dhéanamh agat.
- Cuimhnigh go ndéantar d'iarratas a mheas bunaithe ar an eolas go léir a chuirtear ar fáil

laistigh de chomhthéacs iomaíoch go leor iarratais eile.

(e) Bíodh smaoineamh soiléir agus réalaióch agat faoin méid a theastaíonn uait agus faoin méid a chosnaíonn do thogra.

(f) Cuir amlíne ar fáil don tionscadal, más cuí.

(g) Cinntigh go gcuireann tú an cháipéisíocht go léir a iarrtar faoi iamh.

## COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE

### TREOIRLÍNTE DON SCÉIM DEONTAIS EALAÍON



## (4) CRITÉIR

Déantar iarratais a fhaightear a mheas trí úsáid a bhaint as na critéir mheasúnaithe seo a leanas.

### GINEARÁLTA – BAINEANN SEO LE GACH IARRATAS A FHAIGHTEAR

- Caithfear iarratais a sheoladh ar aghaidh roimh an spriocdháta a luaitear.
- Caithfear iarratais a líonadh go hiomlán.
- Caithfear aon ábhar a iarrtar a sholáthar leis an iarratas a sheoladh ar aghaidh leis **an iarratas ar líne**.
- Caithfidh iarratasóirí a bheith suite laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe nó cláir ábhartha ealaíon a sholáthar laistigh den limistéar sin.
- Caithfidh ealaín chruthaitheach chomhaimseartha a bheith sa saothar a lorgaítear cistiú dó.
- Caithfear tabhairt faoin saothar a lorgaítear cistiú dó ar bhonn neamhbhrabúsach.
- Caithfidh tú iarrachtaí a rinne tú chun ioncam a fháil ó fhoinsí eile a léiriú.

### CRITÉIR NA HEARNÁLA EALAÍON GAIRMIÚIL

- Doimhneacht agus láidreacht na smaointe a thacaíonn leis an iarratas.
- Cuntas teiste ealaíonta na heagraíochta.
- Fianaise i leith borradh agus forbairt leanúnach ealaíonta.
- Uaillmhian an chláir ealaíonta.
- Cé chomh nuálach atá na cláir, coimeád na gclár agus roghnú ealaíontóra agus an méid a théann siad i riosca.
- Deiseanna a sholáthar d'ealaíontóirí agus cleachtóirí cultúrtha óga agus atá ag teacht chun cinn ó chúlraí éagsúla.
- An méid a chuireann an t-iarratasóir leis na healaíona sa chathair agus an tionchar a imríonn siad orthu.
- Iarrachtaí an iarratasóra acmhainn ghairmiúil na hearnála a fhorbairt.
- Méid phróifíl réigiúnach agus náisiúnta na heagraíochta.
- Naisc idirnáisiúnta.
- Fianaise i leith bainistíocht agus rialachas gairmiúil na heagraíochta.
- A bheith ábalta ioncam a fháil ó fhoinsí eile.
- Bainistíocht agus cuntasáocht ghairmiúil airgeadais.
- Cuirtear tionscadail ar siúl ar bhonn neamhthráchtála.
- Inrochtaineacht: láthair, costas agus riachtanais speisialta.
- Saothair a chur i láthair go poiblí.

### CRITÉIR DO NA HEALAÍONA AMAITÉARACHA AGUS DEONACHA

- Caithfidh tú an ceangal a léiriú atá idir an clár nó an tionscadal agus gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí ar leith ealaíon.
- Caithfidh tú a léiriú gur féidir leis an gclár nó an tionscadal an tuiscint atá ag rannpháirtithe agus/nó cleachtas na foirme ealaíne nó na bhfoirmeacha ealaíne a mhéadú agus a fheabhsú.
- Caithfidh tú a léiriú gur féidir leat ioncam a fháil ó fhoinsí eile.
- Caithfidh tú a thabhairt le fios conas a chuireann do thionscadal leis an idirphlé ar thábhacht agus ábharthacht na healaíne laistigh de phobal.
- Caithfidh tú a léiriú gur spéis leat gníomhaíochtaí a fhás agus a fhorbairt.
- Caithfidh tú a léiriú go bhfuil teacht comhionann ar ghníomhaíochtaí ealaíon agus gur féidir le daoine páirt chomhionann a ghlacadh iontu.
- Caithfidh tú fianaise a thaispeáint i leith cleachtais mhaithe leabharchoimeádta (ba cheart cuntais dheimhnithe bhliantúla a sholáthar).
- Caithfidh tú fianaise a sholáthar go bhfuil struchtúr rialaithe atá bunaithe ar choiste ann san eagraíocht.

## (5) MEASÚNÚ AR IARRATAIS A FHAIGHTEAR

Caithfidh tú d'iarratas ar chúnamh deontais don bhliain 2022 a sheoladh ar líne tráth nach déanaí ná 4pm Dé Céadaoin, an 20 Aibreán 2022. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir glacadh le haon aighneachtaí níos déanaí ná an dáta agus an t-am seo. Déanfar na hiarratais go léir a stampáil ó thaobh dáta agus ama de nuair a gheofar iad sa Rannóg Pobail agus Cultúir. Eiseofar aitheantas foirmiúil do d'iarratas, chomh maith le huimhir thagartha laistigh de choicís i ndiaidh an dáta sin. Is ortsá atá an fhreagracht teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Pobail agus Cultúir mura bhfaigheann tú an chumarsáid seo laistigh den am sin.

Déanfaidh baill den Oifig Ealaíon d'iarratas a chatagóiriú. Is féidir fáil réidh le haon iarratais ar soiléir nach sásaíonn siad na treoiríní agus na critéir cháilitheachta ag an bpointe seo. Déanfaidh painéal roghnaithe a cheapfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe breithniú ansin ar iarratais. Casfaidh an painéal roghnaithe lena chéile chun moltaí a mheas agus a dhéanamh faoi iarratais incháilithe. Cuirfear na gníomhartha a mholann siad i láthair Chruinniú na Comhairle Cathrach ina dhiaidh sin go ndéanfar iad a cheadú.

Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh nuair a dhéanfar d'iarratas a mheas:

- Soiléireacht do thogra.
- An bunús intleachtúil agus fealsúnach atá le do thogra.
- Cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ar do chumas an ghníomhaíocht seo a dhéanamh agus a chríochnú go mbeidh an rath air, buiséad a bhainistiú, margaíocht agus meastóireacht san áireamh.
- Breithniú ar do chúlra agus do chuntas teiste, ar féidir é a chruthú, sna healaíona.
- Cineál nuálach do thogra.
- Breithniú ar na cúiseanna a sholáthair tú go bhfuil tú ag cur isteach ar an deontas seo.
- Caighdeán na gníomhaíochta atá beartaithe agat.

## (6) COINNÍOLLACHA A BHAINNEANN LE DEONTAIS EALAÍON

- (1) Is féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe comhairle a lorg ó mheasúnóirí seachtracha.
- (2) Is féidir Deontais Ealaíon a choimeád siar nó a roinnt idir iarratasóirí faoi lánrogha na Comhairle Cathrach.
- (3) Is féidir ábhar a sheoltar ar aghaidh chun tacú le hiarratais ar bhronnadh deontais a bhailiú ón Oifig Ealaíon tráth nach déanaí ná mí amháin i ndiaidh don Chomhairle Cathrach a gcinneadh a thabhairt le fios. Ní bheidh an Chomhairle Cathrach freagrach as ábhar nach n-éilítear i ndiaidh na tréimhse sin.
- (4) Braitheann gach Deontas Ealaíon a chuirtear ar tairiscint ar chistí a bheith ar fáil.
- (5) Ní féidir an tairiscint cistithe a úsáid ach do na cuspoirí a shonraítear i d'iarratas.
- (6) Caithfear an méid a bhronntar a chaitheamh laistigh de 12 mhí i ndiaidh go bhfaightear é.
- (7) Ba cheart go mbeadh cúnamh a fhaightear tríd an scéim seo mar chuid den ioncam a chistíonn an tionscadal.
- (8) Nuair a dháiltear deontas d'imeacht/thionscadal ar leith, ní bheidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as an imeacht/tionscadal sin a chur faoi árachas. Molann an Oifig Ealaíon go gcinntíonn na heagraithe go bhfuil árachas dóthanach i bhfeidhm sula gcuirfear tús le haon imeacht/tionscadal.
- (9) Má dhéantar an t-imeacht nó an tionscadal a athrú, a chur ar athlá nó a chealú – go hiomlán nó go páirteach – caithfear teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon a luaithe is indéanta chun plé a dhéanamh ar an gceist.
- (10) Cloí le Cóid Chleachtais; Treoirlínte maidir le Tús Áite do Leanaí, Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta, Comhdheiseanna, Treoirlínte maidir le Leas Ainmhithe.
- (11) Caithfear Comhairle Cathrach na Gaillimhe a aithint ar an ábhar uile poiblíochta margaíochta agus nuachtáin a tháirgtear maidir leis an togra nó an imeacht.
- (12) Caithfear cóipeanna den ábhar go léir sin a tháirgtear a chur faoi iamh leis an iarratas seo.
- (13) Nuair is cuí, caithfidh cead iomlán a bheith ag iarratasóirí ó úinéir an ionaid chun imeachtaí a chur ar siúl san ionad sin.
- (14) Is féidir leis an Oifig Ealaíon tuairisc mheasúnaithe maidir leis an imeacht/tionscadal a iarraidh agus caithfear é a sheoladh ar aghaidh laistigh de mhí amháin i ndiaidh go ndéantar an iarraidh sin. Má theipeann ort é seo a dhéanamh, déanfar an cistiú a aistarraingt.
- (15) Glactar leis gur ghlac tú leis na coinníollacha seo má sheolann tú Foirm Iarratais líonta ar aghaidh.
- (16) Dícháileofar an t-iarratasóir má dhéanann siad stocaireacht.

## (7) IARRATAS A SHEOLADH AR AGHAIDH

### CAITHFEAR NA HIARRATAIS GO LÉIR A SHEOLADH AR AGHAIDH AR LÍNE CHUIG:

[www.galwaycity.ie/artsgrants2022](http://www.galwaycity.ie/artsgrants2022) NÍ GHLACFAR le hiarratais a sheoltar chuig aon seoladh ríomhphoist eile. CAITHFIDH TÚ A CHINNTIÚ GO SEOLTAR AN CHÁIPÉISÍOCHT GO LÉIR AR AGHAIDH A IARRTAR.

### NÍ BHEIDH D'IARRATAS BAILÍ MURA NDÉANANN TÚ AN MÉID SEO A LEANAS:

FOIRM IARRATAIS ATÁ GO HIOMLÁN LÍONTA A SHEOLADH AR AGHAIDH AR LÍNE. AN CHÁIPÉISÍOCHT GO LÉIR A IARRTAR A SHEOLADH AR AGHAIDH AR LÍNE LE D'FHOIRM IARRATAS. **D'IARRATAS A SHEOLADH AR AGHAIDH FAOIN SPRIODHÁTA 4PM Dé Céadaoin, an 20 Aibreán 2022.** TABHAIR FAOI DEARA, LE DO THOIL, GURB É MÉID UASTA NA GCOMHAD IS FÉIDIR A CHEANGAL AR ÁR BHFREASTALAÍ RÍOMHPHOIST **15MB.** NÍ FÉIDIR GLACADH LE HEOLAS BREISE I NDIAIDH AN DÁTA DEIRIDH.

## (8) SAORÁIL FAISNÉISE

Geallann Comhairle Cathrach na Gaillimhe a sárdhícheall a dhéanamh eolas a sholáthraíonn iarratasóirí a choimeád go rúnda faoi réir na n-oibleagáidí atá orthu faoin dlí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 san áireamh.

Iarrtar ar iarratasóirí a thabhairt le fios murar cheart aon eolas a soláthraíodh a nochtadh mar gheall ar a íogaireacht. Más amhlaidh an cás, ba cheart d'iarrthóirí an t-eolas sin a aithint agus na cúiseanna a shonrú go bhfuil sé íogair nuair a bhíonn an t-eolas á sholáthar acu. Mura n-aithnítear go bhfuil an t-eolas sin íogair agus mura measann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil sé íogair i ndiaidh breithniú a dhéanamh air, táthar faoi dhliteanas an t-eolas sin a scaoileadh i ndiaidh go ndéantar iarraidh ar Shaoráil Faisnéise gan dul i gcomhairle leis na hiarratasóirí roimh ré. Rachaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhairle le haon iarrthóirí faoi eolas íogair sula ndéanfar cinneadh faoi aon iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a fuarthas. Foilseofar sonraí faoi iarratasóirí rathúla ar ár láithreán gréasáin agus ár gcainéil mheán sóisialta.

## (9) COSAINT SONRAÍ

Coimeádfar an t-eolas pearsanta go léir a fhaightear ar aon dul lenár mBeartas um Chosaint Sonraí. Is féidir leat teacht ar ár bhfógra príobháideachais [anseo](#). Is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig: [dpo@galwaycity.ie](mailto:dpo@galwaycity.ie).

## (10) SONRAÍ TEAGMHÁLA D'FHIOSRÚCHÁIN

SEOL RÍOMHPHOST CHUIG: [arts@galwaycity.ie](mailto:arts@galwaycity.ie) agus scríobh "Fiosrúchán faoi Dheontais Ealaíon 2022" sa líne ábhair

